Acmhainn 9 (Gníomh 4)

An Díospóireacht Faoi Channabas (1 de 2)

Cúlra

- Tá cannabas neamhdhleathach sa Ríocht Aontaithe ó bhí 1925 ann.
- Faoin Acht um Mí-úsáid Drugaí 1971, bhí plandaí agus roisín cannabais ina ndrugaí den aicme B, ach athaicmíodh iad ina ndrugaí den aicme C ar 29 Eanáir, 2004.
- Tá ola cannabis ina druga den aicme A
- Tá cannabas ina dhruga den Sceideal 1, i bhfocail eile, meastar nach bhfuil aon úsáid theiripeach aige (san am i láthair).

POINTÍ I BHFABHAR CANNABAS A DHÉANAMH DLEATHACH:

Leigheasach

- Ordaítear druga amhail Dronabinol, ina bhfuil THC (atá ar fáil i gcannabas), do dhaoiine a bhfuil SEIF orthu le masmas a chur faoi chois, le pian a mhaolú agus le goile a fheabhsú.
- Tá seans go mbeadh sé ina chuidiú ar mhaolú delerium tremens (DTs), phian míostraithe, easuain agus thinnis chinn.
- i gCeanada, agus i stáit áirithe in SAM, is féidir cannabas a fháil mar dhruga ordaithe ó DG.
- Tá faisnéis áirithe ann a thugann le tuiscint go bhféadfaidh cannabas a bheith úsáideach i gcóireáil scléaróise iolraí.
  "Ba mhaith liom tacaíocht an rialtais a fheiceáil le clár taighde ar airíonna leigheasacha cannabais, agus ní chuirim in aghaidh a úsáide mar ligeán caitheamh aimsire." (Richard Branson).

Dlíthiúil

- Dá ndéanfaí cannabas neamhchoiriúil, bheadh níos lú gabhálacha ann, chaithfí níos lú airgid ar imeachtaí cúirte agus bheadh níos mó airgid ar fáil le caitheamh ar chur chun cinn oideachais agus sláinte. Chuirfeadh sé stad fosta le daoine óga a bheith á dtarraingt isteach sa saol coiriúil.
  "Tacaím lena bheith neamhchoiriúil. Bíonn daoine ag caitheamh pot cibé ar bith, agus tá sé mícheart coirpigh a dhéanamh díobh. Déantar coirpeach ceart duit nuair a théann tú i bpríosún. Sin an áit a bhfoghlaimíonn tú na cleasanna uile."
  (Paul McCartney)
  "Tá fiosrúchán iomlán ar dhrugaí agus coirpiúlacht de dhíth orainn. Tá an dlí ina cheap magaidh maidir le drugaí." (Jon Snow)

Fimínteacht

- Bíonn na milliúin duine ar fud an domhain ag caitheamh cannabais.
- I dtíortha áirithe, táthar ag baint úsáid as cannabas leis na céadta bliain.
- Tugann roinnt ball den rialtas tacaíocht le hathrú sa dlí.
- Ní gnách leis na póilíní cumhacht uile an dlí a chur i bhfeidhm ar chiontóir céaduaire ná orthu siúd a mbíonn cannabas acu le haghaidh úsáid phearsanta.
  "Níl ciall ar bith leis an bheartas reatha ar channabas. Ba cheart dár rialtas níos lú ama a chaitheamh ag iarraidh iompar pearsanta a rialú agus níos mó ama a chaitheamh ag iarraidh institiúidí a threorú go hiompar freagrach."
  (Anita Roddick, OBE)

Acmhainn 9 (Gníomh 4)

An Díospóireacht Faoi Channabas (2 de 2)

POINTÍ IN ÉADAN CANNABAS A DHÉANAMH DLEATHACH:

Fadhbanna Sláinte

- Bíonn níos mó den charcanaigin aitheanta, beinsipiréin, i dtoitíní cannabais ná mar a bhíonn i dtoitíní tobac. Bíonn cion tarra 50 ag toitíní cannabais – 100% níos mó ná ag toitíní tobac.
- Téann cannabas agus aosú i bhfeidhm ar an inchinn ar dhóigh inchurtha.
- Bíonn sé deacair na héifeachtaí a rialú má itear cannabas. Tá seans go mbeidh úsáideoir níos mó ar na ribí ná mar a bhí dúil aige leis.
- Is féidir le cannabas a bheith ina chúis le deacrachtaí toirchis, le máchailí agus éalanga beirthe.
- Is féidir leis siabhránacht a tharraingt, a fhéadfaidh taom síocóise a spreagadh do dhuine a bhfuil riocht meabhairshláinte air cheana.
- Bíonn úsáideoirí cannabais a shé oiread is dóchúla an scitsifréine a tholgadh ná mar a bhíonn daoine nach n-úsáideann é.

Fadhbanna Sóisialta

- Léirigh staidéar cois bóthair ar thiománaithe neamhchúramacha, nár measadh a bheith faoi thionchar alcóil, gur thástáil 45% acu dearfach do channabas (1994).
- Tá úsáid cannabais ina guais i dtolgadh ghalair ghnéas-tarchurtha, VEID/SEIF san áireamh, i measc ógánach.
- Seans go mbeidh drochthionchar aige ar chaidreamh sóisialta an úsáideora mar gheall ar athruithe móra foinn agus easpa suime (siondróim neamhspreagtha).
- Is féidir le seilbh cannabais, fiú faoi choinne úsáid phearsanta, suas le dhá bhliain príosúntachta, cailleadh poist, cur as scoil agus cosc ar dhul chuig tíortha áirithe sa todhchaí a tharraingt.

Fadhbanna Andúile agus Túsdruga

- Sna Stáit, cuireadh breis agus 140,000 duine i gcláir chóireála drugaí in 1995 mar gheall ar andúil cannabais.
- Éiríonn 82% d'ógánaigh achrannacha a úsáideann cannabas sé huaire ar a laghad andúilmhear ann.
- Téann 74% de dhaoine a úsáideann cannabas 100 uair nó breis ar aghaidh le húsáid a bhaint as cócaon.
- De na hógánaigh Dúitseacha thar 12 bhliain d'aois a bhain úsáid riamh as cannabas, tá úsáid bainte as cócaon ag 22% acu anois.

insync Eochairchéim 3 Forbairt Phearsanta

Acmhainn 10 (Gníomh 4)
Cur I Láthair PowerPoint (1 of 2)

Drugaí agus an Dlí

Daoine óga agus an aois dhleathach óil

- Tá cead ag duine óg idir 14 agus 18 mbliana d'aois alcól a ól sa bhaile.
- Níl cead ag duine óg faoi 18 mbliana d'aois a bheith i dtábhairne nó i gclub a dhíolann alcól ach amháin má tá sé i dteannta duine fásta AGUS go bhfuil Teastas Páistí ar taispeáint ag an tábhairne nó ag an chlub a thugann le fios gur tugadh cead páistí a bheith i láthair go dtí 9pm.
- Tá cead ag duine atá 16 bliana d'aois a bheith ag obair, nó traenáil a fháil, i dtábhairne nó club (a bhfuil Teastas Páistí aige) má tá conradh scríofa fostaíochta aige.

Ólachán faoi aois agus iompar

- Tá sé in éadan an dlí do dhuine atá faoi 18 mbliana d'aois cur i gcéill go bhfuil sé 18 mbliana d'aois le halcól a ól.
- Is cion é alcól a dhíol le duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois. Pionós – fineáil, suas le 6 mhí príosúntachta, nó an dá rud.
- Tá cead ag póilíní alcól a choigistiú ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois agus a n-ainm agus a seoladh a bhreacadh. Tá cead acu duine nach gcomhoibreoidh leo a ghabháil.
- Tá sé neamhdhleathach tú féin a iompar ar dhóigh mhí-ordúil (iompar mí-ordúil) áit ar bith.
- Tá sé neamhdhleathach alcól a dhíol le duine atá ar meisce go follasach nó atá ag léiriú iompar mí-ordúil.

Alcól agus Tiomáint

- Tá cead ag póilíní duine a ghabhaíl má mheasann siad, trí bhreathnú nó trí thástáil anála cois bóthair, go bhfuil cumas tiomána an duine lagaithe de thairbhe alcóil nó drugaí. *Tá seo fíor fosta do rothaithe.*
- Mar chuid den phionós as tiomáint faoi thionchar is féidir go mbainfear do cheadúnas tiomána díot ar feadh tréimhse.
- Tá taimsí bóthair ar na cúiseanna is mó le bás agus le gortú.

Ranganna drugaí

RANG A **Meastar gurb iad na drugaí is contúirtí**	**RANG B** **Caitear le druga Rang B i bhfoirm in-insteallta mar dhruga rang A**	**RANG C** **Meastar gur lú dochar atá leo seo**
Eacstais, LSD, hearóin, cócaon, crack, beacáin draíochta, amfataimíní (má ullmhaítear iad le haghaidh insteallta).	Amfataimíní, Meitilfeanadáit (Ritalin), Pholcodine.	Cannabas, suaimhneasáin, pianmhúcháin áirithe, Gamma hydroxybutyrate (GHB), Ketamine.

Uasphionós ar dhrugaí

Rang	Seilbh	Mangaireacht
A	Suas le seacht mbliana príosúntachta nó fíneáil gan teorainn, nó an dá rud.	Suas le príosúnacht saoil nó fíneáil gan teorainn nó an dá rud.
B	Suas le cúig bliana príosúntachta nó fíneáil gan teorainn, nó an dá rud.	Suas le 14 bliana príosúntachta nó fíneáil gan teorainn, nó an dá rud.
C	Suas le dhá bhliain príosúntachta nó fíneáil gan teorainn, nó an dá rud.	Suas le 14 bliana príosúntachta nó fíneáil gan teorainn, nó an dá rud.

insync
Eochairchéim 3
Forbairt Phearsanta

Acmhainn 10 (Gníomh 4)
Cur I Láthair PowerPoint (2 of 2)

Cannabas

- Tá sé neamhdhleathach do dhuine aonair cannabas a bheith i seilbh aige, é a thabhairt uaidh in aisce nó é a dhíol.
- Tá cead ag na póilíní duine a bhfuil cannabas i seilbh aige a ghabháil.
- Is féidir le seilbh cannabais dhá bhliain príosúntachta agus/nó fíneáil gan teorainn a tharraingt.
- Is féidir le soláthar nó le díol cannabais 14 bliana príosúntachta agus/nó fíneáil gan teorainn a tharraingt.

10 Feasacht ar Dhrugaí
Gníomh 4 Cur I Láthair PowerPoint
insync Eochairchéim 3 Forbairt Phearsanta

Achoimre ar chionta a bhaineann le drugaí

	Soláthar	Ceannacht nó seilbh	A Bheith faoi thionchar	Iad siúd atá freagrach as áitreabh atá eolach faoi ach nach ndéanann gníomh ar bith le cosc a chur ar		Eolach faoi sheilbh nó mangaireacht druga ach gan sin a chur in iúl
				ÚSÁID	SOLÁTHAR	
Tuaslagóirí	Neamhdhleathach faoi 18	Cion ar bith	Meastar é ina bhriseadh siochána in áit phoiblí Neamhdhleathach tiomáint.	Cion ar bith	Cion ar bith	Cion ar bith
Beinsidé-asaipíní, suaimhneasáin	Neamhdhleathach	Cion ar bith	Cion ar bith Neamhdhleathach tiomáint	Cion ar bith	Neamhdhleathach	Cion ar bith maidir le seilbh Neamhdhleathach maidir le mangaireacht
Beacáin draíochta	Cion ar bith mura n-ullmhaítear iad (m.sh. cócaráilte)	Cion ar bith mura n-ullmhaítear iad	Cion ar bith Neamhdhleathach tiomáint	Cion ar bith	Cion ar bith mura n-ullmhaítear iad	Cion ar bith mura n-ullmhaítear iad
Hearóin, Cócaon, crack, LSD, amfatamíní, eacstais	Neamhdhleathach	Neamhdhleathach	Cion ar bith Neamhdhleathach tiomáint	Cion ar bith	Neamhdhleathach	Neamhdhleathach
Cannabas	Neamhdhleathach	Neamhdhleathach	Cion ar bith Neamhdhleathach tiomáint	Neamhdhleathach	Neamhdhleathach	Neamhdhleathach